CISTE SÓISIALTA NA hEORPA (CSE)
Ag infheistiú i ndaoine 2007-2013

Comhthéacs mhaoiniú CSE

I láthair na huaire tá buiséad bliantúil thart ar €120 billiún ag an Aontas Eorpach, arb é 1% d'olltáirgeacht intíre iomlán na mBallstát ar fad é. Tá thart ar thrian den bhuiséad bliantúil seo ag na Cistí Struchtúracha – a chuimsíonn Ciste Sóisialta na hEorpa, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháite.

Tógann CSE féin beagnach 10% de bhuiséad iomlán an AE. Sa tréimhse 2007-2013 caithfidh CSE thar €75 billiún ar níos mó post agus poist níos fearr a chruthú san Eoraip.



Buiséad an AE 2007-2013



Buiséad an AE 2007-2013

Céard iad cuspóirí CSE?

Socraíonn rachmas coibhneasta tíre nó réigiúin – a dhéantar a thomhas de réir olltáirgeachta intíre per capita – cé acu an dtagann sé faoi chuspóir an Chóineasaithe nó faoi chuspóir na hIomaíochta Réigiúnaí. Tugann CSE níos mó – suas le 80% den chomh-mhaoiniú – do réigiúin an Chóineasaithe.

Cuspóir an Chóineasaithe – nuair is cuspóir don chaiteachas cruthú post agus deiseanna fostaíochta a fheabhsú, ag tabhairt rachmas agus fostaíocht réigiúin i dtreo mheánleibhéal an AE.

Cuspóir na hIomaíochta Réigiúnaí – nuair is cuspóir don chaiteachas an fórsa saothair agus na margaí saothair a thabhairt do thíortha agus réigiúin a dteastaíonn siad sin uathu chun geilleagair rathúla, iomaíocha a fhorbairt a bheidh in ann dul san iomaíocht go domhanda.

Céard leis a dtacaíonn CSE?

Chun a chuspóirí a bhaint amach, tugann CSE maoiniú do thionscadail agus do chláir i sé réimse bainteach le poist a chruthú agus cuidiú le hoibrithe iad a fháil. Mar shampla, d'fhéadfadh tionscadal a mbeadh mar chuspóir aige 'cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú' freastal ar riachtanais oiliúna banoibrithe inimirceacha, fad is a spreagfadh tionscadal eile leis an gcuspóir 'inoiriúnaitheacht oibrithe agus gnólachtaí, fiontar agus fiontraithe a mhéadú' postroinnt a spreagadh i gcuideachtaí.

Féadann an chuid den mhaoiniú a thaispeántar do na réimsí éagsúla a athrú ó réigiún go réigiún agus ó thír go tír, ag brath ar thosaíochtaí, ach de ghnáth cuirfidh réigiúin an Chóineasaithe béim ar 'caipiteal daonna a fheabhsú'.



CSE 2007-2013

Le haghaidh tuilleadh eolais féach: **http://ec.europa.eu/esf**

KE-30-08-459-GA-D



Meán bliantúil

Cén tairbhe é CSE?

Cé gur féidir le dífhostaíocht dul i gcion ar gach duine, is mó atá grúpaí áirithe i mbaol uaithi ná grúpaí eile. Ar chúiseanna éagsúla, bíonn níos mó deacrachta ag roinnt daoine post a fháil agus a choinneáil. Cuir i gcás mar shampla oibrithe aosta a dtugtar gannmheas ar a gcleachtadh fada, na hoibrithe óga nach bhfuil an cleachtadh acu fós, agus máithreacha ar mhian leo filleadh ar an margadh saothair ach a fhaigheann amach go bhfuil a gcuid scileanna as dáta. Díríonn maoiniú CSE ar dhaoine sa tsochaí is mó atá i mbaol dífhostaíochta agus eisiaimh shóisialta.

Cá háit a gcaitear CSE?

Braitheann an chuid de bhuiséad CSE a fhaigheann gach Ballstát ar mhórán tosca. Faigheann na Ballstáit mhóra, a bhfuil daonra níos mó acu, níos mó maoinithe.

Faigheann na Ballstáit ar lú a rachmas níos mó maoinithe go comhréireach, agus is amhlaidh atá freisin i gcás na stát ina bhfuil níos mó dífhostaíochta. Laistigh de gach Ballstát, is féidir tuilleadh maoinithe a dháileadh ar réigiúin a thagann faoi chuspóir an Chóineasaithe.



Caiteachas iomlán CSE 2007-2013



CSE 2007-2013

Cé mhéad a chaitheann CSE in aghaidh an duine?

Is féidir léargas níos fearr a fháil ar dhíriú mhaoiniú CSE ach an maoiniú per capita sna Ballstáit éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile. Déantar 'éifeacht an mhéid' trína bhfaigheann na tíortha móra níos mó maoinithe a bhaint ar an gcaoi seo, agus is féidir comparáidí níos úsáidí a dhéanamh. Mar a thaispeánann an chairt, faigheann na Ballstáit níos nua níos mó maoinithe go comhréireach, rud a thagann lena gcuid geilleagar siúd a bheith ag teacht suas leis na tíortha eile agus an gá atá acu a margaí saothair a atreorú i dtreo dhúshláin an gheilleagair dhomhanda. Is anseo is fearr a fheictear comhtháthú CSE: ag tabhairt maoinithe do na tíortha agus na réigiúin is mó a bhfuil sé ag teastáil uathu agus ag deimhniú go mbogann an tAE ina iomláine ar aghaidh le chéile.